



22 Aibreán 2020

Tús áite do pháistí ón naíonra sna bunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



A Chairde,

Tá súil againn go bhfuil sibh go maith ag an am dúshlánach seo. Tá muid ag déanamh teagmhála libh arís maidir leis **na hathruithe atá le teacht i bhfeidhm i dtaobh cúrsaí iontrála scoile** i Meán Fómhair 2021. Leagtar amach thíos eolas ar an staid reatha agus léargas ar ár n-ábhar imní ina leith.

Faoi láthair, tá scoileanna ag obair ar pholasaithe nua iontrála le teacht leis na critéir nua atá leagtha amach san acht nua, an tAcht Oideachais (Ligean

isteach i Scoileanna) 2018. Caithfidh na polasaithe seo bheith réidh faoin 30 Aibreán 2020 le roinnt le pátrúin na scoile. Tá an-tábhacht ag baint leis na critéir a bheas in úsáid sna polasaithe seo le háiteanna scoile a dháileadh má tá níos mó éilimh ar an scoil ná líon na spásanna atá ar fáil inti. Faoin Acht nua, **ní bheidh cead ag scoileanna ar bith tús áite a thabhairt do réamhscoileanna nó seirbhísí luathbhlianta ar bith, naíonraí ina measc**, ón mbliain seo chugainn. Tá Gaeloideachas tar éis dianstocaireacht a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna arís agus arís eile air seo, agus an-mhíshástacht a léiriú faoi na himpleachtaí a bhaineann leis agus an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ar leanúnachas sa tumoideachas lán-Ghaeilge dá réir.

Tá Gaeloideachas tar éis roinnt cruinnithe a eagrú le príomhoidí bunscoile chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Achta agus conas polasaí iontrála nua a fhorbairt a bheas ag teacht leis na rialacháin. Tá go leor míshástachta léirithe acu maidir leis an mbac a bheidh orthu tús áite a thabhairt do pháistí ó naíonraí faoin Acht. Leagann go leor bunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta an-bhéim ar an eispéireas dearfach agus ardchaighdeán foghlama sa naíonra agus na buntáistí móra a bhaineann leis - is chuige sin a mbíonn tús áite á thabhairt acu do naíonraí ina gcuid polasaithe i láthair na huaire. Dar ndóigh, aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fíorthábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta chomh maith.

An rud a bheas ceadaithe amach anseo do scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu, agus ar mian leo é, ná tús áite a thabhairt do dhaltaí a shásaíonn critéir teanga faoi leith. Ní mór don scoil a bheith sásta go bhfuil leibhéal líofachta ag an bpáiste - atá ar **leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil**. Tá an fhoclaíocht seo an-dúshlánach agus doiléir agus tá Gaeloideachas le fada ag iarraidh cur ina luí ar an Roinn nach bhfeileann sé do chomhthéacsanna na scoileanna lán-Ghaeilge ar an iomlán. Beidh cead ag tuismitheoirí cibé fianaise is mian leo a thabhairt ar líofacht an dalta sa Ghaeilge. Beidh tuismitheoirí in ann a lua, mar chuid den bhfianaise ar líofacht, gur fhreastail an páiste ar an naíonra ach níl cead ag an scoil tosaíocht a thabhairt don pháiste sin bunaithe ar an bhfreastal ar an naíonra amháin. Beidh fianaise eile de dhíth gur teanga nádúrtha an pháiste í an Ghaeilge. Tuigeann Gaeloideachas agus na scoileanna go rímhaith chomh míshásúil is atá sé seo agus leanfaimid orainn ag achainí ar son córas iontrála níos cothroime agus níos tacúla don Ghaeilge agus do na naíonraí.

Tá Gaeloideachas ag obair ar raon tacaíochtaí do scoileanna agus naíonraí maidir le luach an naíonra agus an luath-thumoideachais, agus an

tábhacht a bhaineann leis an leanúnachas ón naíonra go bunscoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta. Beidh sé seo níos tábhachtaí ná riamh do na scoileanna agus do na naíonraí araon. Sna laethanta agus seachtainí amach romhainn, beidh go leor ábhar agus fógraí á roinnt ar líne againn atá dírithe ar bhuntáistí an naíonra agus beidh bileog nua ar an naíonra ar fáil le scaipeadh ar thuismitheoirí. Roinnfear físeáin, blúiríní taighde, ailt agus teistiméireachtaí cumhachtacha ó thuismitheoirí maidir le tábhacht agus luach na naíonraí do pháistí óga. Molann muid go láidir do naíonraí atá ar na meáin shóisialta faire amach don ábhar seo agus iad a roinnt le bhur gcuid pobal féin. Tá sé an-tábhachtach na teachtaireachtaí dearfacha a roinnt go forleathan.

Má tá aon mholtaí nó aiseolas agaibh maidir le bealaí eile a bhféadfadh muid tacú libh agus poiblíocht mhór a dhéanamh ar na naíonraí, ba bhreá linn bhur gcuid aiseolais agus moltaí a chloisteáil. Má tá aon thuismitheoirí in bhur gcuid naíonraí a bheadh sásta teistiméireacht a chur ar fáil maidir leis an naíonra – cén fáth ar roghnaigh siad an naíonra, buntáistí an naíonra dar leo, cén fáth a mholfadh siad naíonra do thuismitheoirí eile, ba bhreá linn dul i dteagmháil leo freisin. Is féidir sonraí teagmhála, moltaí nó aiseolas a chur chuig ciara@gaeloideachas.ie.

Fáilte roimh mholtaí agus aiseolas air seo ar fad mar aon le ceisteanna faoin reachtaíocht nua iontrála.

Le dea-ghuí,

Foireann Gaeloideachas

Eolas maidir le rollú scoile agus na hathruithe faoin Acht

Gaeloideachas

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í Gaeloideachas a thugann tacaíocht d'fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Áirítear i measc ról agus feidhmeanna na heagraíochta comhairle, cúnaimh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, mar aon le seirbhís tacaíochta do naíonraí agus scoileanna.

Cláraigh le nuachtlitreacha Gaeloideachas a fháil



 (01) 853 5195
 eolas@gaeloideachas.ie
 www.gaeloideachas.ie
 @Gaeloideachas
 @Gaeloid
 @gaeloideachas

Gaeloideachas 
Guth dan Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



*Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.*

Díchláraigh ón liosta seo | Unsubscribe from this list